C/2026/2068

1.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12379 — Bain Capital / Tingstad Group)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2068)

1. An 24 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Bain Capital Investors, LLC ('Bain Capital', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Aktiebolaget Tingstad Papper ('Tingstad Group' an tSualainn).

Gheobhaidh Bain Capital rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Apleona Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach é Bain Capital a dhéanann infheistíochtaí i gcuideachtaí i dtionscail áirithe, amhail teicneolaíocht na faisnéise, cúram sláinte, táirgí miondíola agus tomhaltóirí, cumarsáid, seirbhísí airgeadais agus an earnáil tionsclaíochta/monaraíochta,

— Is dáileoir Sualannach faoi úinéireacht teaghlaigh é Tingstad Group a dháileann tomhaltáin neamhbhia, atá dírithe ar tháirgí sláinteachais agus glantacháin, earraí aon uaire agus málaí agus pacáistíocht seirbhísí bia a dháileadh. Tá brainse táirgthe ag Tingstad Group freisin atá dírithe ar mhonarú málaí siopadóireachta páipéir agus saic pháipéir ríomhthráchtála, sa tSualainn den chuid is mó.

3. Tar éis dó réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 12379 – Bain Capital / Tingstad Group

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.